An Bord Réitigh um Pirít
Pyrite Resolution Board

An Bord um Réiteach Piríte
Tuarascáil Bhliantúil 2019

Chuig an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

De réir Alt 9(4) den Acht um Réiteach Piríte, 2013, tá a Thuarascáil Bhliantúil don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 á cur i láthair ag an mBord um Réiteach Piríte.

Sainordú

Chuir an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil an Bord um Réiteach Piríte (PRB) ar bun, tar éis don Acht um Réiteach Piríte, 2013, teacht i bhfeidhm an 10 Eanáir 2014, chun scéim a dhéanamh i leith damáiste do theaghaisí áirithe de bharr at piríte a leasú agus chun bainistiú agus maoirsiú a dhéanamh ar chlár oibreacha leasúcháin le haghaidh teaghaisí dá ndearna pirít difear agus chun cur i ngníomh éifeachtach an chláir a áirithiú. Is é atá sa Scéim um Leasúchán Piríte (an Scéim) an creat chun na forálacha atá san Acht a chur i bhfeidhm. Rinne an Bord an Scéim an 12 Feabhra 2014, arna leasú an 5 Feabhra 2015, agus arna leasú i mí Iúil 2019.

Ráiteas Misin

Leasúchán teaghaisí áirithe dá ndearna at piríte i leaca truncála fo-urláir damáiste ar bhealach atá cothrom, éifeachtúil, trédhearcach agus éifeachtúil ó thaobh costas de a thabhairt chun críche.

Clár

Ráiteas an Chathaoirligh 4
Ráiteas an Bhainisteora Ghinearálta 8
Tuarascáil na gComhaltaí Boird 12
1. Príomhghníomhaíochtaí 12
2. Comhaltaí an Bhoird 12
3. Feidhmeanna an Bhoird 14
4. Freagrachtaí an Bhoird 14
5. Freastal ar Chruinnithe Boird, Luach Saothair agus Speansais Chomhaltaí an Bhoird 19
6. Cód Iompair, Nochtadh agus Eitic 21
7. Seirbhísí arna soláthar ag HomeBond 21
8. Soláthar 22
9. Straitéis agus Plean Gnó 22
10. Athbhreithniú ar an nGnó 22
11. Rialachas Corparáideach 22
12. An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca 23
Leibhéil Ghníomhaíochta 25
Roimh, le linn agus tar éis an leasúcháin 26
Achomhairc chuig an mBord 28
Ráiteas ar Rialú Inmheánach 29
Ioncam & Caiteachas 33
Ranníocaíochtaí 35
Gealltanais Chonarthacha ag Deireadh na Bliana 35
Aguisín A - Iarratais a Cuireadh Isteach in 2019 de réir an Chontae / Limistéir 37
Aguisín B - Iarratais a Cuireadh Isteach ón Dáta Seolta go dtí Deireadh na Bliana 39

Ráiteas an Chathaoirligh

De réir alt 9(4) den *Acht um Réiteach Piríte, 2013*, tá áthas orm an Tuarascáil seo ar fheidhmiú an Bhoird um Réiteach Piríte (an Bord) agus ar a fheidhmeanna faoin Acht sin i rith 2016 a chur faoi bhráid an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Is í seo an séú Tuarascáil Bhliantúil ó cuireadh an Bord ar bun ar bhonn reachtúil in Eanáir 2014.

Déantar foráil san Acht um Réiteach Piríte 2013 do scéim arna cistiú ag an Státchiste a chur ar fáil chun leasúchán a éascú i gcás tithe agus árasáin a ndearnadh damáiste mór dóibh de bharr at piríte sna hurláir, i gcás nach bhfuil aon rogha indéanta eile ag na húinéirí chun sásamh a fháil. Tugadh de Shainchúram ar an Acht i leith leasúchán damáiste do theaghaisí dá ndearna at piríte Scéim a ullmhú le haghaidh leasúchán damáiste do theaghaisí de bharr piríte, glacadh le hiarratais ó úinéirí tí a ndearnadh difear dóibh, agus chun cur i ngníomh cláir leasúcháin piríte a threorú agus maoirseacht a dhéanamh air.

Leagtar amach san Acht feidhmeanna an Bhoird agus na Gníomhaireachta Tithíochta faoi seach. Tá an fhreagracht as tástáil na dteaghaisí agus as feidhmiú na n-oibreacha leasúcháin sannta don Ghníomhaireacht Tithíochta. I gcomhréir leis an Acht, déantar maoiniú an Státchiste arna sholáthar chun críocha leasúchán piríte (lena n-áirítear costais an Bhoird) a sheoladh tríd an nGníomhaireacht Tithíochta agus cuimsítear na Ráitis Airgeadais iniúchta a bhaineann le cistí dá leithéid i dTuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta Tithíochta. Tá áthas orm a rá go bhfuil an dá chomhlacht fós ag obair le chéile go héifeachtach agus go héifeachtúil.

Le linn na bliana 2019, bhí an Bord comhdhéanta den Chathaoirleach, an tUasal Jack Keyes (a ceapadh i Lúnasa 2017), an Dr. Derek Sinnott (a ceapadh i Meán Fómhair 2016), an tUasal Alec Flood (a ceapadh i mí na Nollag 2016), Caroline Gill Uasal, Comhalta Boird agus Cathaoirleach an choiste Iniúchóireachta agus Riosca (athcheaptha chuig an mBord in Eanáir 2017) agus an tUasal Sean Balfe (athcheaptha chuig an mBord in Eanáir 2017).

Chuir an Bord athbhreithniú ar na n-iarratais maidir le hAlt 15(3) den Acht um Réiteach Piríte, 2013 i gcrích in 2019. Déanfar foráil faoin alt seo nach bhfuil duine i dteideal iarratas a dhéanamh lena n-áireamh faoin scéim maidir le teaghais a ceannaíodh an 12 Nollaig 2013 nó ina dhiaidh sin nuair a bhí fios nó gur cheart go mbeadh fios acu gur tógadh an teaghais le hábhar truncála ina raibh pirít imoibríoch. Déanann an Bord iarratais a athbhreithniú, faoi réir an t-eolas a chuir an t-iarratasóir ar fáil, sa chás gur cheannaigh an t-úinéir tí a dteaghais i ndiaidh an 12 Nollaig 2013 ar bhonn cás ar chás.

Leasaíodh an Scéim in Iúil 2019 chun na méaduithe ar chostais a bhaineann le lóistín eile d'úinéirí tí agus obair leasúcháin á dhéanamh ar a dteaghais a ghlacadh san áireamh. Athraíodh an teorainn mhíosúil a bhí ag rannpháirtithe sa Scéim ábalta a aisghabháil ón Scéim ar chostais dheimhnithe maidir le lóistín eile ó €1,000 go dtí €1,500 (CBL san áireamh) faoi réir teorainn foriomlán €4,500 (CBL san áireamh) an teaghais.

Thug gnólacht sainchomhairleoireachta Mazars faoi Athbhreithniú um Luach ar Airgead neamhspleách ar an Scéim um Leasúchán Piríte i Lúnasa 2019, agus ba é an cinneadh a tháinig as sin ná go gcuireann an PRB, i ndlúth-chomhoibriú leis an nGníomhaireacht Tithíochta, torthaí an-mhaith ar fáil maidir le luach ar airgead. Rinne na taighdeoirí an cinneadh go raibh cuspóirí na Scéime á sásamh, go bhfuil sé seo á dhéanamh ar bhealach eacnamaíoch, éifeachtach agus éifeachtúil, agus ar an mbonn sin, tá luach ar airgead bainte amach. Fuair na taighdeoirí amach chomh maith go dtugann an Scéim aghaidh ar dhíobháil do thomhaltóirí mar gheall gur bhain na teaghais a leasaíodh faoin Scéim luach margaidh amach arís.

Tugann an PRB faoi shuirbhé i dtaobh sástacht custaiméirí ar iarratasóirí a ndearnadh a dteaghais a leasú le déanaí. Léirigh an suirbhé ar na húinéirí tí a rinneadh i Nollaig 2019 rátaí arda sástachta maidir leis an bpróiseas um leasúchán piríte in iomlán, an cúnamh a thug foireann riaracháin, bainisteoirí tionscadal, innealtóirí comhairleacha agus conraitheoirí, agus an treoir a thugtar an láithreán gréasáin an PRB.

Faoi dheireadh 2019, b'ionann líon na n-iarratas a fuarthas agus 2592; astu sin

ceadaíodh 2110 lena n-áireamh sa Scéim. As an bhfigiúr sin, leasaíodh 1890 teaghais agus cuireadh conarthaí oibre i bhfeidhm i leith 220 teaghais eile. B'ionann an caiteachas faoin Scéim in 2019 go ginearálta agus an leithdháileadh airgeadais a chuir an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ar fáil. Tugadh 512 teaghais leasaithe ar ais d'úinéirí tí roimh dheireadh na bliana le linn 2019.

Tá sruth leanúnach iarratas fós á fháil ag an PRB. Fuair an PRB 336 iarratas in 2019, ar ionann sin agus 28 iarratas sa mhí ar an meán, a bhí beagán níos airde ná líon na n-iarratas in 2018, arb ionann sin agus 293.

Tuigeann an PRB agus an Ghníomhaireacht Tithíochta go rímhaith i gcónaí na deacrachtaí agus an strus a bhíonn ar na húinéirí tí a bhfuil damáiste déanta dá dteach de bharr piríte. Chuireamar romhainn seirbhís a sholáthar dóibh atá tuisceanach agus trédhearcach agus, ar deireadh, trína ndéanfar leasúchán ar a dteach ionas gur féidir cónaí ann mar is cuí a luaithe agus is féidir. Tá sé mar aidhm againn tabhairt faoin obair i ndlúthchomhair agus i gcomhairle leis na húinéirí tí an t-am ar fad. Tá an clár leasúcháin á bhainistiú ar bhealach eagraithe. Ciallaíonn sé sin go gcaithfidh roinnt iarratasóirí fanacht níos faide ná a chéile. Ina thaobh sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach iarratasóir faoin Scéim seo as a gcuid foighne agus tuisceana. Seachas correisceacht, d'éirigh linn go ginearálta tithe críochnaithe a thabhairt ar ais d'úinéirí tí laistigh den spriocam 12 seachtaine agus níos tapúla ná sin i gcásanna áirithe.

Tá líon beag foirne ag an mBord arna soláthar ó fhoireann reatha na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus na Gníomhaireachta Tithíochta. Ní fhostaíonn an Bord aon fhoireann go díreach. Soláthraíonn an Ghníomhaireacht Tithíochta roinnt seirbhísí riaracháin, TFC agus dlí, nó soláthraítear iad tríd an nGníomhaireacht.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis na Comhaltaí Boird eile as an tiomantas a léirigh siad agus as an méid a chuir siad le hobair an PRB i rith na bliana. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh chomh maith le Annet Busweiler Uasal as a cuid oibre díograisí ina Rúnaí an Bhoird, agus le Ciara McCoy agus Enda Gordon araon a

ghníomhaigh go sealadach mar Rúnaí an Bhoird. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le Ciara Galvin Uasal as an méid a rinne sí le cur le Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an PRB. Ba mhaith liom go háirithe moladh a thabhairt do Aidan O'Connor ina Bhainisteoir Ginearálta agus mo bhuíochas a ghabháil leis as an méid a rinne sé in 2019. Ina theannta sin, tá mé an-bhuíoch don Chathaoirleach, don Bhord, don Phríomhfheidhmeannach agus d'fhoireann na Gníomhaireachta Tithíochta as a gcomhoibriú cabhrach.

Mar fhocal scoir, glacaim buíochas leis an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, an tUasal Eoghan Murphy, T.D. agus leis an Aire Stáit, Damien English T.D., agus le hoifigigh na Roinne as an spéis leanúnach a léiríonn siad sa Bhord agus ina ghníomhaíochtaí agus as an tacaíocht a thugann siad dúinn.

Jack Keyes
Cathaoirleach

Ráiteas an Bhainisteora Ghinearálta

B'ionann líon iomlán na n-iarratas ar leasúchán a fuarthas faoin Scéim um Réiteach Piríte (an Scéim), de réir an Achta um Réiteach Piríte 2013 (an tAcht), suas go dtí deireadh 2019 agus 2592 san iomlán. Astu sin, fuarthas 336 iarratas ar leasúchán le linn 2019. Tá sé seo ag teacht le hionchais, cé go dtugtar ar aird go bhfuil ráta na n-iarratas nua ag leibhéal comhsheasmhach. Is ó fhorbairtí ina bhfuil tús curtha leis an obair ar leasúchán nó atá ar tí tosú a bhaineann iarratais atá tagtha le déanaí den chuid is mó.

Bhí raon feidhme geografach na Scéime teoranta do na limistéir sin a sainaithníodh i dtuarascáil an Phainéil um Pirít ó Mheitheamh 2012 m.sh. contaetha na Mí, Chill Dara agus Uíbh Fhailí, agus limistéir riaracháin Chomhairle Contae Fhine Gall agus Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Fuarthas tuairiscí in 2014 ar at piríte i roinnt tithe in dhá eastát i limistéar riaracháin Chontae Bhaile Átha Cliath Theas agus Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Nuair a rinneadh iniúchadh ar an scéal, bhí an Bord um Réiteach Piríte (PRB) sásta go ndearnadh damáiste de bharr at piríte do na teaghaisí sna forbraíochtaí sin agus moladh don Aire Stáit an Scéim a leasú chun na limistéir sin a chuimsiú. Cheadaigh an tAire leasú ar an Scéim chun na limistéir riaracháin Chontae Bhaile Átha Cliath Theas agus Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin araon a chuimsiú. Tháinig an leasú sin i bhfeidhm an 5 Feabhra 2015.

Ar ardleibhéal, is mar seo a leanas a chuirtear an Scéim um Leasúchán Piríte i bhfeidhm – Tagraím d'alt 4 i dTuarascáil Chomhaltaí an Bhoird maidir le míniú mionsonraithe ar na céimeanna éagsúla sa phróiseas. Na comhaltaí foirne den Bhord um Réiteach Piríte (PRB) a mheasann cáilitheacht na n-iarratas arna bhfáil. Faoi réir an Phróisis Measúnaithe, Fíoraithe agus Moltaí, déanann an Ghníomhaireacht Tithíochta moladh don PRB maidir le cibé ar chóir nó nár chóir teaghais a áireamh sa Scéim um Leasúchán Piríte. Sa chás in n-áirítear teaghais sa Scéim, cuireann an Ghníomhaireacht Tithíochta an próiseas leasúcháin i bhfeidhm agus téann sí i mbun seirbhísí gairmiúla agus conarthaí leasúcháin a sholáthar.

Nuair a dhéantar iarratais ar leith a fhaomhadh, cuirtear iad i ngrúpaí de réir tionscadail chun na héifeachtúlachtaí uasta a bhaint amach i gcomhréir lena riachtanaí atá sé a áirithiú nach gcuirtear fad nach gá leis na hoibreacha do na húinéirí tí. Déantar foráil sa Scéim um Leasúchán Piríte chun oibreacha a chur in ord agus tosaíocht a shannadh. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an mBord agus ag an nGníomhaireacht Tithíochta chun sceideal ordúil tionscadal a chruthú a ndéanfar dul chun cinn orthu go dtí céim na tógála agus le linn chéim na tógála. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chomh maith chun déileáil le cásanna práinne ar nó cruatain ar leith ar bhonn tosaíochta. Táimid ag iarraidh an scéim a chur i bhfeidhm ar bhealach oscailte, trédhearcach agus oibiachtúil.

D’fhonn luach ar airgead a áirithiú, tá painéil chreata curtha ar bun le haghaidh daoine gairmiúla i réimse na tógála agus le haghaidh conraitheoirí tógála tar éis nósanna imeachta tairisceana oscailte, agus bíonn conarthaí le haghaidh tionscadail ar leith faoi réir tairiscint bhreise ó na painéil sin. Go ginearálta, tá na tionscadail ag dul ar aghaidh go sásúil leis an gcuid is mó acu ag teacht in am, laistigh de bhuiséid réamh-mheasta agus le hoibreacha críochnaithe go caighdeán ard. Ba ionann an meánchostas leasúcháin in aghaidh na teaghaise agus €65,000. Féadfaidh éagsúlacht shuntasach a bheith i gceist sna costais, le tithe aon uaire a mbíonn urlár talún níos mó go ginearálta acu ar na tithe is costasaí.

Rinneadh dul chun cinn sásúil i rith na bliana maidir leis an bpróiseas clárúcháin, suirbhéireacht ar dhamáiste, sonraíocht na n-oibreacha, tairiscintí agus bronnadh conarthaí oibreacha, sceidealú na n-oibreacha, fágáil teaghaisí, tosach feidhme agus críochnú na n-oibreacha agus athlonnú teaghaisí. D'eascair moilleanna agus costais bhreise go príomha i gcásanna inar tháinig lochtanna, seachas na cinn sin a d'eascair ón at piríte, chun cinn le linn obair thógála. Ar bhonn taithí, rinneadh athbhreithniú agus modhnú ar nósanna imeachta chun dála den sórt sin a réamh-mheas, a íoslaghdú agus a bhainistiú d'fhonn moilleanna agus costais bhreise a sheachaint chomh fada agus is féidir.

Tá íocaíochtaí le hiarrthóirí maidir le costais dheimhnithe i leith measúnuithe ar bhail

foirgnimh, costas aistrithe agus costas stórála déanta freisin de réir théarmaí na Scéime.

Tá *Socruithe Rialachais agus Nós Imeachta idir an Bord um Réiteach Piríte agus an Ghníomhaireacht Tithíochta* curtha i bhfeidhm ag an PRB agus an Ghníomhaireacht Tithíochta maidir le leasúcháin teaghaisí faoin Scéim um Leasúchán Piríte, le haird ar shannadh freagrachtaí feidhmiúla san Acht um Réiteach Piríte. Éilíonn feidhmiú rathúil na Scéime leibhéal ard comhoibrithe idir na Boird, bainistíocht agus comhaltaí foirne an dá chomhlachta. Éilítear comhoibriú neamhfhoirmiúil agus foirmiúil ag gach leibhéal d'fhonn seachadadh réidh, éifeachtach agus éifeachtúil an chláir leasúcháin a chinntiú. Cuirtear comhairliúchán luath as a leanann réitigh chomhaontaithe chun cinn agus bítear ag súil le comhairliúchán luath.

I Meitheamh 2014, síníodh comhaontú maidir le ranníocaíocht HomeBond i dtreo seirbhísí teicniúla agus bainistíochta tionscadal faoi threoir agus mhaoirseacht an Bhoird um Réiteach Piríte agus/nó na Gníomhaireachta Tithíochta, dar luach €2 mhilliún. Glanfaidh an Comhaontú Forlíontach a síníodh le HomeBond an 4ú Nollaig 2015 chun déileáil le lochtanna struchtúracha nach mbaineann le hat piríte cuid de chostas na n-oibreacha tógála i gcásanna áirithe chomh maith. Aithnítear go bhfuil ranníocaíocht HomeBond i dtreo tástála agus cláir um leasúchán ina pháirt lárnach agus éifeachtach den phróiseas. Déanfar tuilleadh plé ag féachaint leis an ranníocaíocht chomhaontaithe bhunaidh a bhaint amach agus a bhrostú.

Déantar foráil sa reachtaíocht go bhféadfadh an Bord na costais ar fad a bhaineann le leasúchán a dhéanamh ar theaghais faoin Scéim, nó cuid de na costais sin, a aisghabháil ó aon pháirtí ar a bhfuil dliteanas. Tá sé mar choinníoll incháilitheachta faoin Scéim go dtugann an tIarratasóir a c(h)ead don PRB imeachtaí dlí a bhunú i ndáil le caillteanas a eascraíonn as gníomh nó as mainneachtain aon duine a dhéanann dochar piríte suntasach don teaghais.
In ainneoin nach measann an PRB gur rogha indéanta ag gach úinéir tí imeachtaí dlí a thionscnamh, glacann sé bearta, nuair a mheastar gur cuí a leithéid, chun coinneáil i ndiaidh tógálaithe agus/nó forbróirí i gcomhair ranníocaíochta i dtreo chostais na n-oibreacha.

Chomh maith leis na ranníocaíochtaí sin, sa chás ina bhfuil teaghais curtha san áireamh sa Scéim ach nár cuireadh tús leis an obair agus ina bhfaigheann an rannpháirtí scéime íocaíocht nach bhfuil faoin Scéim, mar choinníoll de bheith san áireamh go leanúnach sa Scéim, éilítear ar an rannpháirtí scéime an méid a fuarthas a íoc leis an PRB laistigh de thréimhse ama shonraithe. Tá gníomhaíochtaí agus idirbheartaíochtaí breise fós ar bun.

Aithníonn an PRB agus an Ghníomhaireacht Tithíochta go bhfuil gá le hathbhreithniú leanúnach ar chumarsáid. Tá ríomhphost teagmhála ar leith socraithe do chomhaltaí an Oireachtais. Is féidir leis an bpobal teagmháil a dhéanamh leis an mBord ar an bhfón nó ar an ríomhphost, agus is féidir teacht ar na sonraí sin chomh maith le gach gné a bhaineann leis an scéim, ar láithreán gréasáin an PRB.

Tá athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ar gach gné den Scéim mar gheall ar na cúiseanna seo a leanas: aiseolas ó iarratasóirí agus na saincheisteanna a ardaíodh tríd an nós imeachta gearán, achomhairc a fuarthas, uiríll ó ionadaithe poiblí agus caidreamh leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, conraitheoirí, comhairleoirí dlí, iniúchóirí agus daoine eile.

Aidan O'Connor
Bainisteoir Ginearálta

Tuarascáil na gComhaltaí Boird

Cuireann comhaltaí an Bhoird um Réiteach Piríte a dTuarascáil Bhliantúil i láthair don bhliain dar críoch 31 Nollag 2019.

1. Príomhghníomhaíochtaí

San *Acht um Réiteach Piríte, 2013*, déantar socrú chun Scéim um Leasúchán Piríte (an Scéim) a dhéanamh le haghaidh teaghaisí áirithe dá ndearna pirít difear. Rinne an Bord an Scéim le faomhadh an Aire. Ina theannta sin, déanann an Bord cur i ngníomh na Scéime um Leasúchán Piríte a threorú agus a mhaoirsiú de réir théarmaí na scéime.

Cheadaigh an tAire leasú ar an Scéim chun limistéir Baile Átha Cliath Theas agus Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin araon a chuimsiú. Tháinig an leasú sin i bhfeidhm an 5 Feabhra 2015.

I dtéarmaí ginearálta:

- Glacann agus bailíochtaíonn an Bord um Réiteach Piríte (PRB) iarratais faoin Scéim agus déanann sé maoirsiú ar chur i ngníomh an chláir um leasúcháin piríte le haghaidh teaghaisí faofa. Is é infhaighteacht an mhaoiniúcháin agus tosca eile a chinneann scála an chláir.

- Déanann an Ghníomhaireacht Tithíochta, faoi réir stiúradh an PRB, leasúchán ar theaghaisí faofa dá ndéanann pirít difear agus cuireann an Ghníomhaireacht an scéim um leasúchán piríte i ngníomh. Ina theannta sin, déanann an Ghníomhaireacht Tithíochta moltaí don PRB maidir le hiarratais ó úinéirí tí lena n-áireamh sa scéim agus iad a mheas.

2. Comhaltaí an Bhoird

Ceathrar Comhaltaí agus an Cathaoirleach atá ar an mBord.

Jack Keyes, Cathaoirleach
(Innealtóir Cairte agus Iar-Bhainisteoir Contae le Comhairle Chontae an Chabháin agus ceapadh chuig an mBord é an 3 Lúnasa, 2017)

Sean Balfe
(Stiúrthóir na hInbhuanaitheachta agus na Timpeallachta Tógtha, an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann. Athcheapadh chuig an mBord é an 10 Eanáir 2017)

Caroline Gill
(Abhcóide, Iar-Ombudsman Árachais agus Leas-Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais. Athcheapadh chuig an mBord í an 10 Eanáir 2017)

An Dr Derek Sinnott
(Ceann Roinne na Timpeallachta Tógtha in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge. Athcheapadh chuig an mBord é an 2 Meán Fómhair 2019)

Alec Flood
(Abhcóide agus Innealtóir Cairte. Athcheapadh chuig an mBord é an 29 Nollaig 2019)

Rúnaí an Bhoird
Bhí foireann an PRB ag gníomhú ina Rúnaí ar Bhord ar an PRB suas go dtí an 1 Iúil 2019.
Ceapadh Annet Busweiler ina Rúnaí ar Bhord an PRB ón 1 Iúil 2019.

Déantar bainistiú agus riarachán laethúil fheidhmeanna an PRB a tharmligean chuig an mBainisteoir Ginearálta, le tacaíocht ó bhaill foirne a shanntar ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus ón nGníomhaireacht Tithíochta.

Is ón nGníomhaireacht Tithíochta, nó tríd an nGníomhaireacht, a sholáthraítear seirbhísí rúnaíochta, riaracháin, TFC, dlí agus seirbhísí eile don Bhord.

An doiciméad *Socruithe Rialachais agus Nós Imeachta idir an Bord um Réiteach Piríte agus*

an Gníomhaireacht Tithíochta, a dhéanann na socruithe idir an PRB agus an Ghníomhaireacht Tithíochta foirmiúil, agus is ann a leagtar amach na socruithe a comhaontaíodh idir an dá chomhlacht chun teaghaisí a leasú faoin Scéim ag féachaint do shannadh na bhfreagrachtaí feidhmiúcháin san *Acht um Réiteach Piríte, 2013.*

3. Feidhmeanna an Bhoird

Leagtar amach feidhmeanna an Bhoird um Réiteach Piríte in alt 9 den *Acht um Réiteach Piríte, 2013*. Tugtar achoimre ar na príomhfheidhmeanna anseo thíos:

(a) Scéim um leasúchán piríte a dhéanamh faoi alt 13;
(b) Iarratais faoin Scéim a fháil agus a chinneadh;
(c) Treoir agus maoirsiú a sholáthar maidir le cur i ngníomh na scéime um leasúchán piríte;
(d) Buiséid na scéime a cheadú faoi Alt 23 den Acht;
(e) Achomhairc faoi Alt 27 den Acht a chinneadh.
(f) Faisnéis a sholáthar i ndáil le pirít agus damáiste suntasach piríte.

Ag deireadh gach tréimhse 3 mhí, cuireann an Bord tuarascáil faoi bhráid an Aire ina dtugtar breac-chuntas ar an dul chun cinn maidir le cur i ngníomh na Scéime um Leasúchán Piríte i gcomhréir le hAlt 9(5) den Acht.

4. Freagrachtaí an Bhoird

Ghlac an Bord sceideal d'fheidhmeanna agus de ghnó an Bhoird um Réiteach Piríte atá forchoimeádta do chinntí an Bhoird féin i gcomhréir leis an doiciméad dar teideal *Ábhair Fhorchoimeádta lena gCinneadh ag an mBord*. Áirítear leis sin go bhfuil stiúradh agus rialú ghníomhartha straitéiseacha agus ghníomhaíochtaí eile an PRB á mbainistiú ag an mBord.

Déanann an Bord an Scéim um Leasúchán Piríte a mhaoirsiú agus cuirtear i bhfeidhm í mar seo a leanas:

- Ag **Céim 1: Iarratas agus Bailíochtú**, féachann an PRB ar bhailíocht an iarratais ón úinéir tí. Dhá ghné atá sa phróiseas bailíochtaithe go bunúsach:
  i. Measúnú ar iarratais i ndáil le comhlíonadh na gcritéar cáilitheachta (lena n-áirítear measúnú ar 'roghanna indéanta eile').
  ii. Iniúchadh ar an Measúnacht ar Bhail Foirgnimh (BCA) lena áirithiú go bhfuil an leibhéal riachtanach damáiste sna teaghaisí.

  Ag deireadh na céime sin, cuirtear an t-iarratasóir ar an eolas ar an gcinneadh an t-iarratas a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta Tithíochta don Phróiseas Measúnaithe, Fíoraithe agus Moltaí, nó ar an gcinneadh diúltú don iarratas. Is féidir diúltú a achomharc.

- **Céim 2: An Próiseas Measúnaithe, Fíoraithe agus Moltaí**, a dhéanann an Ghníomhaireacht Tithíochta, dearbhaítear go bhfuil an damáiste atá taifeadta sa Mheasúnacht ar Bhail Foirgnimh inchurtha i leith at piríte. Féadfar Fíorú an Damáiste m.sh. deimhniú ar an damáiste inchurtha i leith at piríte, a bheith bunaithe ar theaghais aonair nó ar theaghaisí gaolmhara. Ar an ábhar sin, féadfar teaghaisí gaolmhara a fhíorú ar bhonn damáiste inchomparáide agus/nó tástálacha níos luaithe a raibh na torthaí céanna orthu.

- Tá modheolaíocht curtha ar bun ag an nGníomhaireacht Tithíochta i ndáil le clár tástála le haghaidh cásanna nach bhfuil torthaí tástála níos luaithe ar fáil dóibh. Tá tástáil leanúnach á heagrú ag HomeBond thar ceann na Gníomhaireachta Tithíochta de réir mar is gá. Déantar an t-ábhar truncála a thástáil de réir *Chaighdeán Éireannach 398-1:2017 Pirít imoibríoch in ábhar truncála fo-urláir — Cuid 1: Prótacal tástála agus catagóirithe.*

- Tugann an Ghníomhaireacht Tithíochta moladh don PRB agus na cúiseanna chun teaghais a áireamh sa Scéim nó chun í a eisiamh ón Scéim, agus cuirtear cinneadh an PRB in iúl don iarratasóir. Is féidir cinneadh chun teaghais a eisiamh ón Scéim a achomharc.

- I gcás ina n-áirítear an teaghais sa Scéim, tugtar 'rannpháirtí sa scéim' ar an iarratasóir ina dhiaidh sin. Féadfaidh Rannpháirtí sa Scéim an costas deimhnithe ar an Tuarascáil Measúnachta ar Bhail Foirgnimh a aisghabháil ansin, faoi réir theorainn uasta €500 (CBL san áireamh). Déantar teagmháil leis an Rannpháirtí sa Scéim maidir le socruithe na haisghabhála ag an gcéim seo.

- **Céim 3: Plean Oibreacha Leasúcháin:** Tar éis Chéim 2, téann an t-iarratas ar aghaidh ansin go Céim 3: Plean Oibreacha Leasúcháin. Tar éis tairiscintí a lorg, ceapann an Ghníomhaireacht Tithíochta innealtóir ón *gCreat-Chomhaontú le haghaidh Seirbhísí Gairmiúla Dearthóireachta Foirgníochta (Innealtóir Cairte, Ailtire, Suirbhéir Foirgníochta) le haghaidh na Scéime um Leasúchán Piríte* (painéal de Dhaoine Gairmiúla Dearthóireachta atá cáilithe cheana féin chun an cineál seo oibre a dhéanamh), chun plean oibreacha leasúcháin agus sonraíocht a ullmhú chun an teaghais a leasú. Téitear i gcomhairle leis an Rannpháirtí sa Scéim i ndáil leis an bplean oibreacha leasúcháin.

- **Céim 4: Tairiscintí agus Anailís ar Thairiscintí:** Nuair a bheidh an doiciméadúchán arna ullmhú ag an innealtóir i gCéim 3 curtha i gcrích, téann an t-iarratas ar aghaidh go Céim 4: Tairiscintí agus Anailís ar Thairiscintí. Eisítear an tairiscint don Chonradh le haghaidh Oibreacha Leasúcháin chuig an *gCreat-Chomhaontú do Chonraitheoir Oibreacha le haghaidh Leasúchán Teaghaisí dá ndearna pirít damáiste faoin Scéim um Leasúchán Piríte* (painéal Conraitheoirí atá cáilithe cheana féin chun an cineál seo oibre a dhéanamh), lena fáil ar ais i gceann 4-5 seachtaine. Seoltar Comhaontú an Úinéara Tí chuig na Rannpháirtithe sa Scéim ag an gcéim seo.

- **Céim 5: Cinneadh Conradh a Dhéanamh:**: Tugann an Ghníomhaireacht Tithíochta tuairisc don PRB ar na tairiscintí a fuarthas don Chonradh le haghaidh Oibreacha Leasúcháin agus molann sí Conraitheoir Oibreacha don chonradh. Tugann an PRB cead dul ar aghaidh le dámhachtain an Chonartha tar éis a bhreithniú a dhéanamh ar an mbuiséad agus ar an gclár foriomlán.

- **Céim 6: Leasúchán na Teaghaise:** Déanann an conraitheoir an teaghais a leasú de réir an chonartha leasúcháin agus *Chaighdeán Éireannach 398-2: 2013: Pirít imoibríoch in ábhar truncála fo-urláir — Cuid 2: An Mhodheolaíocht le haghaidh oibreacha leasúcháin faoi mhaoirsiú an innealtóra a cheap an Ghníomhaireacht Tithíochta.*

- **Deimhniúchán:** Nuair a bheidh na hoibreacha curtha i gcrích, déanfar iad a dheimhniú de réir Chaighdeán Éireannach. *398-2: 2013: Pirít imoibríoch in ábhar truncála fo-urláir — Cuid 2: An Mhodheolaíocht le haghaidh oibreacha leasúcháin agus déanfar éilimh ar íocaíocht na gcostas deimhnithe (stóráil/lóistín) a thabhaigh an Rannpháirtí sa Scéim, ar costais iad a chomhlíonann coinníollacha na scéime, a fhaomhadh lena n-íoc nuair a bheidh na hoibreacha críochnaithe agus deimhnithe.*

- **Céim 7: Tréimhse Coinneála**: Déanfaidh an t-innealtóir measúnú ar lochtanna a bhaineann leis na hoibreacha leasúcháin a gcuireann an Rannpháirtí sa Scéim in iúl don Ghníomhaireacht Tithíochta i scríbhinn laistigh de thréimhse 11 mhí ó dháta an Teastais Leasúcháin. Comhaontaíonn an Ghníomhaireacht Tithíochta aon locht a thagann chun cinn sa tréimhse sin mar thoradh ar na hOibreacha Leasúcháin a dheisiú agus sin amháin.

- **Céim 8: Dúnadh Iarratais**: Meastar go bhfuil an t-iarratas dúnta ar éis thréimhse 11 mhí nó nuair a dheiseofar na lochtanna ar leith, más ann dóibh.

- Déanann Bainisteoir Tionscadail idirchaidreamh idir Rannpháirtí sa Scéim agus an Ghníomhaireacht Tithíochta, an t-innealtóir agus an conraitheoir ionas gur féidir na hoibreacha leasúcháin a phleanáil agus a dhéanamh chomh barainneach agus chomh héifeachtach agus is féidir.

Costais a Íoc

Cuimsítear costas na n-oibreacha leasúcháin agus na costais ghairmiúla ghaolmhara faoin Scéim. Ina theannta sin, féadfar na costais seo a leanas arna dtabhú ag an iarratasóir a aisghabháil faoin Scéim:

- An costas deimhnithe (CBL san áireamh) a bhaineann leis an Measúnacht tosaigh ar Bhail Foirgnimh a fháil ó dhuine inniúil, faoi réir uasteorainn fhoriomlán €500, ar an gcoinníoll go bhfaomhtar an teaghais lena háireamh faoin Scéim tar éis an Phróisis Fíoraithe;

- Na costais dheimhnithe a bhaineann le troscán, fearais tí agus maoin phearsanta a bhaint go sealadach, a stóráil agus a chur ar ais, d'fhonn an leasúchán a éascú, faoi réir uasteorainn €2,500 (CBL san áireamh);

- Na costais dheimhnithe le haghaidh lóistín eile don líon tí d'fhonn an leasúchán a éascú, faoi réir uasteorainn €4,500 (CBL san áireamh). Tabhair ar aird gur leasaíodh an Scéim um Leasúchán Piríte ón 25 Iúil 2019. Roimh an dáta sin bhí na costais dheimhnithe le haghaidh lóistín eile don líon tí d'fhonn an leasúchán a éascú, faoi réir uasteorainn €3,000 (CBL san áireamh).

- Ceadaítear leis an mBord um Réiteach Piríte gur féidir an liúntas maidir le haistriú agus stóráil sealadach a chur leis an liúntas le haghaidh lóistín eile chun an costas lóistín a chlúdach suas go dtí uasteorainn €5,500 agus sin amháin. Tabhair ar aird gur leasaíodh an Scéim um Leasúchán Piríte ón 25 Iúil 2019. Ón dáta sin ar aghaidh, is ionann an uasteorainn maidir le liúntais le haghaidh aistriú agus stóráil sealadach agus lóistín eile agus €7,000 (CLB san áireamh).

Treoir do Rannpháirtithe sa Scéim

Tá treoir foilsithe ag an nGníomhaireacht Tithíochta chun faisnéis bhreise a chur ar fáil d'iarratasóirí, a dtugtar Rannpháirtithe sa Scéim orthu, ar áiríodh a dteaghais sa Scéim um Leasúchán Piríte. Foilsítear an treoir ar láithreán gréasáin an PRB freisin.

Gairmithe Dearthóireachta Foirgníochta agus Conraitheoirí

Tá próiseas soláthair phoiblí déanta ag an nGníomhaireacht Tithíochta chun Creat-Chomhaontuithe a dhéanamh le Gairmithe Dearthóireachta Foirgníochta in 2018. Tá 3

ghnólacht innealtóireachta ar an gCreat-Phainéal le haghaidh Gairmithe Dearthóireachta Foirgníochta agus cuireadh tús leis sin an 26 Márta 2018 ar feadh 2 bhliain, agus rogha ann síneadh dhá bhliain eile a chur leis.

Rinne an Ghníomhaireacht Tithíochta próiseas soláthair poiblí chun Creat-Chomhaontuithe a dhéanamh le Conraitheoirí Oibreacha chun na hoibreacha a dhéanamh. Tá 5 gcuideachta conraitheoireachta ar an gCreat-Phainéal le haghaidh Conraitheoirí Oibreacha i mBabhta 1 (7 dTeaghais agus níos mó) agus cuireadh tús leis sin an 18 Bealtaine 2018 ar feadh 24 mí, agus rogha ann é a shíneadh ar feadh dhá théarma breise de 12 mí.
Tá 5 chuideachta conraitheoireachta ar an gCreat-Phainéal le haghaidh Conraitheoirí Oibreacha i mBabhta 2 (6 Theaghais agus níos lú) agus cuireadh tús leis sin an 25 Iúil 2018 ar feadh 24 mí, agus rogha ann é a shíneadh ar feadh dhá théarma breise de 12 mí.

5. Freastal ar Chruinnithe Boird, Luach Saothair agus Speansais Chomhaltaí an Bhoird

Tagann an Bord le chéile go míosúil (seachas i mí Lúnasa) chun dul i mbun gnó. Tionóladh 11 Cruinniú Boird ar an iomlán in 2019. Mar chuid de na 11 chruinniú Boird, caithfidh gach Comhalta Boird freastal chomh maith ar 4 Chruinniú de chuid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a tionóladh i rith na bliana 2019. Léiríonn an tábla thíos sceideal chruinnithe an Bhoird agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a bhí ar siúl le linn 2019.

Dáta	Am
25 Eanáir	11.00 am
28 Eanáir	11.00 am
28 Márta (An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca san Áireamh)	11.00 am
7 Eanáir	11.00 am
29 Bealtaine (An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca san Áireamh)	10.00 am

27 Meitheamh	11.00 am
25 Iúil	11.00 am
26 Meán Fómhair (An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca san Áireamh)	10.00 am
1 Samhain	11.00 am
28 Samhain	11.00 am
19 Nollaig (An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca san Áireamh)	10.00 am

Léirítear an tinreamh ar na cruinnithe sin agus luach saothair agus speansais a bhaineann le gach Comhalta Boird sa tábla seo a leanas:

Comhalta Boird	Tinreamh	Luach Saothair	Speansais
Jack Keyes	10	€8,978.00	€4,898.25
Caroline Gill	11	€2,200.00	Nialas
Sean Balfe*	09	Nialas	Nialas
Alec Flood	10	€2,000.00	Nialas
An Dr Derek Sinnott	09	Nialas	€2.777.39

*Ní bhfuair seachtar comhaltaí táille Boird faoin bprionsabal 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin' (OPOS).

Freastalaíonn Caroline Gill ar Chruinnithe Choiste Iniúchta na nGníomhaireachta Tithíochta chomh maith thar ceann an Bhoird um Réiteach Piríte.

Cloíonn an Bord agus na comhaltaí foirne ar fad leis na ciorcláin arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i ndáil le liúntais taistil agus chothaithe.

Íocadh an Bainisteoir Ginearálta de réir ráta Innealtóra Shinsearaigh Scála Tuarastail na nÚdarás Áitiúil. Tá a luach saothair ceadaithe ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus

Rialtais Áitiúil agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

6. Cód Iompair, Nochtadh agus Eitic

Tá Cód Iompair Gnó i bhfeidhm do na Comhaltaí Boird, don Bhainisteoir Ginearálta agus do bhaill foirne ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus ón nGníomhaireacht Tithíochta a mbíonn baint acu le cur chun feidhme na Scéime. Soláthraítear an creat sa Chód Iompair faoinar féidir gnó an Bhoird um Réiteach Piríte a dhéanamh ar bhealach dlíthiúil eiticiúil agus cloí le luachanna an Bhoird. Cloíonn na comhaltaí foirne freisin le Treoirlínte ón Roinn i ndáil le hiompar gnó. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar chomhlíonadh le riachtanais na reachtaíochta agus chuir sé an Cód Iompair Gnó i bhfeidhm. Ceanglaítear ar Chomhaltaí Boird freisin cloí leis na hoibleagáidí faoin *Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995,* agus faoin *Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001* trí Dhearbhú Leasa ag tús gach Cruinnithe Boird.

Tá Beartas agus Nós Imeachta um Nochtadh Cosanta i bhfeidhm ag an mBord um Réiteach Piríte a bhaineann le gach oibrí de chuid an Bhoird um Réiteach Piríte lena n-áirítear conraitheoirí, comhairleoirí, foireann an Bhoird, iar-fhostaithe agus lucht intéirnigh/daoine faoi oiliúint. Ní bhfuair an Bord um Réiteach Piríte aon thuarascálacha um nochtadh cosanta in 2019.

7. Seirbhísí arna soláthar ag HomeBond

Seirbhísí Teicniúla agus Bainistíochta Tionscadal

I Meitheamh 2014, shínigh Cathaoirleach an Bhoird um Réiteach Piríte agus Cathaoirleach Homebond comhaontú maidir le ranníocaíocht HomeBond i dtreo seirbhísí teicniúla agus bainistíochta tionscadal a bhaineann le cur i bhfeidhm na Scéime um Leasúchán Piríte, faoi threoir agus maoirseacht an Bhoird um Réiteach Piríte agus/nó na Gníomhaireachta Tithíochta, dar luach €2 mhilliún. Tá an comhaontú seo á fheidhmiú chun sástacht an Bhoird.

Comhaontú Forlíontach HomeBond

Déileálann Comhaontú Forlíontach le HomeBond, arna dhátú an 4ú Nollaig 2015, le lochtanna struchtúracha nach mbaineann le hat piríte a aithníodh roimh, nó le linn, oibreacha leasúcháin piríte agus a mbíonn tionchar acu ar chobhsaíocht struchtúrach na teaghaise. Déanfar na lochtanna struchtúracha nach mbaineann le hat piríte a leasú sular gclúdaítear iad le linn na n-oibreacha. I gcásanna den sórt sin, déanfaidh HomeBond, faoin gComhaontú Forlíontach, ranníocaíocht iomchuí maidir le costais na n-oibreacha struchtúracha sin.

8. Soláthar

Tá an Bord sásta gur comhlíonadh na ceanglais náisiúnta agus ceanglais AE ar fad maidir le soláthar poiblí.

9. Straitéis agus Plean Gnó

D'fhaomh an Bord Straitéis de chuid an Bhoird um Réiteach Piríte i ndáil leis an gclár um leasúchán piríte i Meán Fómhair 2018 agus cuimsítear an tréimhse 2019 – 2021 inti. D'fhaomh an Bord Plean Gnó de chuid an Bhoird um Réiteach Piríte i Samhain 2019 agus cuimsítear an tréimhse 2019 – 2021 ann.

10. Athbhreithniú ar an nGnó

Tugtar tráchtaireacht ar an bhfeidhmíocht i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2019, lena n-áirítear faisnéis ar imeachtaí le déanaí agus ar fhorbairtí amach anseo, i dTuarascáil an Chathaoirligh agus i dTuarascáil an Bhainisteora Ghinearálta.

11. Rialachas Corparáideach

Tá an Bord tiomanta do na caighdeáin is fearr maidir le rialachas corparáideach a chothabháil. Chloígh an Bord i rith na bliana 2019 leis an *gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* 2016 a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Dearadh an Cód Cleachtais lena chinntiú go mbainfidh comhlachtaí tráchtála Stáit agus comhlachtaí neamhthráchtála Stáit araon amach na caighdeáin is airde maidir le rialachas corparáideach. Cuireann sé creat ar fáil maidir le dea-chleachtas a chur i

bhfeidhm agus tá sé mar sprioc aige forbairtí maidir le maoirsiú, riachtanais tuairiscithe agus ceapachán comhaltaí Boird a chur san áireamh. Tá an Cód bunaithe ar na bunphriosabail dea-rialachais: cuntasacht, trédhearcacht, ionracas agus díriú ar rath inbhuanaithe na heagraíochta sa bhfadtéarma.

Ina theannta sin, chloí an Bord le ceanglais reachtaíochta éagsúla eile, mar an t*Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995*, *an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001,* an t*Acht um Nochtadh Cosanta 2014*, na *hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997, 2003* agus 2014, agus *an tAcht um Chosaint Sonraí/GDPR*.

In 2019 phléigh an Bord torthaí mheasúnú féinmheastóireachta an Bhoird a tugadh faoi i mí Nollag 2018 agus d'aontaigh gníomhaíochtaí leantacha.

Ghlac an Bord Clár Rialachais i mí na Samhna 2019. Is cur chuige struchtúrtha atá sa Chlár Rialachais d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar na cáipéisí a dhéanann suas Creat Rialachais an PRB nuair a chuirtear i dtoll a chéile iad thar thréimhse bliana.

In 2019, rinne an Bord athbhreithniú ar:

- Shocruithe Rialachais agus Nós Imeachta don Bhord Réiteach Piríte agus don Ghníomhaireacht Tithíochta
- Ábhair Fhorchoimeádta lena gCinneadh ag an mBord
- Cumhachtaí Tarmligthe
- Beartas Rúndachta
- Beartas Coimhlint Leasa

Dá réir sin, leanann an Bord de bheith ag obair ar bheartais agus nósanna imeachta i ndáil le rialachas chun aon saincheist maidir le comhlíonadh a d'fhéadfadh teacht chun cinn a aithint.

12. An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Cabhraíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca leis an mBord a fhreagrachtaí maoirseachta a chomhlíonadh agus feidhmíonn sé de réir na dTéarmaí Tagartha atá

faofa ag an mBord, agus a ndearnadh iad a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta in 2017. Tagann an Coiste le chéile uair sa ráithe.

Is iad seo a leanas baill an Choiste Iniúchta & Riosca:

- Caroline Gill (Cathaoirleach)
- Alec Flood
- Sean Balfe
- Derek Sinnott
- Jack Keyes
- Tony O'Brien (comhalta seachtrach a bhfuil taithí sa chuntasacht airgeadais aige)

Is comhalta den Choiste Iniúchóireachta & Riosca na Gníomhaireachta Tithíochta í Cathaoirleach Choiste Iniúchóireachta an PRB (Caroline Gill) agus is comhalta de Choiste Iniúchóireachta an PRB é Cathaoirleach na Gníomhaireachta Tithíochta (Tony O'Brien).

Tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an mBord a aithníonn na rioscaí criticiúla lena bhfuil sé nochta agus a chinntíonn go nglactar le bearta maolaithe riosca iomchuí agus ansin a sholáthraíonn urrús go bhfuil na freagairtí arna roghnú éifeachtach.

Ghlac an Bord Plean Gnó Bainistíochta Riosca agus Polasaí agus Creat Bainistíochta Riosca. Faomhann an Bord an Plean Gnó Bainistíochta Riosca agus an Clár Riosca go rialta.

Déanann an Coiste Iniúchóireachta & Riosca athbhreithniú ar na rioscaí go tréimhsiúil agus nuair is ábhartha, rinneadh moltaí chuig an mBord maidir le leasú agus feabhsú an Chláir Riosca.

Leibhéil Ghníomhaíochta

Tugtar stádas na n-iarratas ag deireadh na bliana 2019 sa tábla thíos. Cuimsíonn na figiúirí sin an t-iomlán comhcheangailte ón dáta seolta go dtí deireadh na bliana 2019.

Stádas na nIarratas ag Deireadh na Bliana	Méid Iomlán
Sa Phróiseas Bailíochtaithe	**191**
Bailíochtaithe agus ag fanacht ar fhíorú	**110**
San áireamh sa Scéim	**146**
➢ Pleanáil/sceidealú	46
➢ Ullmhú Sonraíochta agus Tairisceana	87
➢ Tairiscintí & Anailís ar Thairiscintí	13
Oibreacha Leasúcháin	**74**
Oibreacha i gCrích agus Deimhnithe	**1890**
Dúnta	**181**
Líon Iomlán na nIarratas	**2592**

Déantar an figiúr 181 a bhriseadh síos mar seo a leanas:

- Níor chomhlíon 130 iarratas na critéir incháilíochta;
- iarratais dhúbailte a bhí i 20 n-iarratas;
- tarraingíodh siar 6 iarratas ag na hiarratasóirí;
- dúnadh 3 iarratas ar bhonn athrú úinéireachta;
- níor chuir cúig iarratasóir déag Measúnú ar Bhail Foirgnimh ar fáil;
- bhain 4 iarratas le teaghais ar leasaigh tríú páirtí iad;
- dúnadh 3 iarratas mar forbróirí a rinne iad agus gur chlúdaigh siad iliomad árasán.

Roimh, le linn agus tar éis an leasúcháin

Roimh an Leasúchán



Le linn an Leasúcháin

Le linn an Leasúcháin

Tar éis an Leasúcháin

Achomhairc chuig an mBord

Eascraíonn achomhairc chuig an mBord mar gheall ar:

- Diúltú d'iarratas i ndiaidh Chéim 1: Próiseas Bailíochtaithe;
- Eisiamh Teaghaise ón Scéim i ndiaidh Chéim 2: An Próiseas Measúnaithe, Fíoraithe agus Moltaí.

Nós Imeachta d'Achomhairc

Tá nósanna imeachta forordaithe ag an mBord faoi Alt 27 den Acht um Réiteach Piríte, 2013, chun achomhairc i gcoinne chinntí na gCinnteoirí arna gceapadh ag an PRB a éisteacht agus a chinneadh, maidir le hiarratais chun teaghaisí a áireamh sa Scéim. Is féidir teacht orthu i gcuid Iarratais a Dhéanamh agus i gcuid Cúraim do Chustaiméirí araon ar láithreán gréasáin an Bhoird.

Is 36 achomharc bailí atá faighte ó tugadh isteach an Scéim, agus fuarthas 2 acu sin in 2019. Baineann an dá achomharc sin le teaghaisí inar taifeadadh bail-rátáil ar dhamáiste dar luach 1 ina leith. Tarraingíodh siar ceann den dá achomharc sin ina dhiaidh sin agus i gcás an dara achomharc sheas an Bord le cinneadh an Chinnteora é a dhiúltú.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Raon Freagrachta

Thar ceann an Bhoird um Réiteach Piríte, aithním an fhreagracht atá ar an mBord as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a oibriú. Cuireann an fhreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) san áireamh.

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Ceaptar an córas rialaithe inmheánaigh chun riosca a bhainistiú ar leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leis ar fad. Ní féidir leis an gcóras, dá bhrí sin, ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go ndéantar earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí a sheachaint nó a thabhairt faoi deara in am.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa Bhord um Réiteach Piríte don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019.

An Cumas Dul i nGleic le Riosca

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) ag an mBord um Réiteach Piríte ar a bhfuil ceathrar comhaltaí Boird agus comhalta seachtrach amháin, a bhfuil taithí sa chuntasacht airgeadais acu, agus feidhmíonn duine acu ina Chathaoirleach. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire in 2019.

Bhunaigh an Bord um Réiteach Piríte feidhm iniúchta inmheánaigh freisin a chuireann an Gníomhaireacht Tithíochta ar fáil. Tá a dhóthain acmhainní ag an iniúchadh inmheánach agus a thugann faoi chlár oibre a chomhaontaítear leis an ARC. D'fhorbair an Coiste beartas bainistíochta riosca ina leagtar amach a fhonn riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus sonraí faoi róil agus freagrachtaí na foirne a bhaineann le cúrsaí riosca. Eisíodh an beartas don fhoireann ar fad a bhfuiltear ag súil go mbeidís ag obair laistigh de raon feidhme bheartais bainistíochta riosca an Bhoird um Réiteach Piríte, chun an Bainisteoir Ginearálta a chur ar an airdeall faoi rioscaí agus laigí

rialaithe atá ag teacht chun cinn agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe ina réimse oibre féin.

Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir an Bord um Réiteach Piríte córas bainistíochta riosca i bhfeidhm ina sainaithnítear agus ina dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá ar bun chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéad is indéanta, na rioscaí a mhaolú.

Tá clár riosca in úsáid ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair an Bhoird um Réiteach Piríte agus rinneadh na rioscaí sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a suntasachta. Déanann an ARC an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn rathúil. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear rioscaí go leibhéal inghlactha.

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- tuairiscíodh na gnáthaimh le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó ar fad,
- Tá Ábhair Fhorchoimeádta lena gCinneadh ag an mBord leagtha amach,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,

Déantar foráil in alt 25 den Acht um Réiteach Piríte, 2013, go gcoimeádfaidh an Ghníomhaireacht Tithíochta cuntais ar an airgead go léir a gheobhaidh sí nó a chaithfidh sí faoin Acht.

Deimhním:

- go bhfuil comhaontú leibhéil seirbhíse (Socruithe Rialachais agus Nós Imeachta) i bhfeidhm leis an nGníomhaireacht Tithíochta;
- go bhfaigheann an PRB tuarascálacha míosúla ar ábhair iomchuí ó lucht bainistíochta na Gníomhaireachta Tithíochta; agus
- gur comhalta de Choiste Iniúchóireachta agus Riosca na Gníomhaireachta Tithíochta Cathaoirleach Choiste Iniúchóireachta an PRB, trína bhfuil rochtain ag an PRB ar athbhreithnithe agus rialuithe iniúchóireachta inmheánaigh na

Gníomhaireachta Tithíochta chomh maith le hiniúchadh seachtrach na Gníomhaireachta Tithíochta, arna chur i gcrích ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuireadh easnaimh rialuithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is ábhartha, go tráthúil. Deimhním go bhfuil an córas leanúnach monatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- déanann an Bord athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha bliantúla agus tréimhsiúla feidhmíochta agus airgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamh-mheastacháin.

Soláthar

Cuireann an Gníomhaireacht Tithíochta feidhm soláthair an PRB ar fáil.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an mBord um Réiteach Pirít chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Maidir le monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird um Réiteach Pirít ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh, tarraingíonn sé ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, ar obair an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar obair na n-iniúchóirí, agus an Bainisteoir Ginearálta laistigh den Bhord um Réiteach Pirít atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Deimhním gur thug an Bord faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2019.

Fadhbanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor aithníodh go raibh laigí ann maidir le rialú inmheánach in 2019.

Jack Keyes
Cathaoirleach
20 Bealtaine 2020

Ioncam & Caiteachas

Déantar foráil in alt 25 den Acht um Réiteach Piríte, 2013, go gcoimeádfaidh an Ghníomhaireacht Tithíochta cuntas ar an airgead go léir a gheobhaidh sí nó a chaithfidh sí faoin Acht. Ní mór don Ghníomhaireacht na cuntais sin a chur faoi bhráid an Aire gach bliain tar éis a n-iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus ní mór na cuntais sin a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais. Dá réir sin, níl ráitis airgeadais le fáil sa tuarascáil seo ar an airgead a fuarthas agus ar an gcaiteachas i ndáil le leasúchán piríte. Cuirfear iad sin san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil agus Cuntais na Gníomhaireachta Tithíochta.

Tagann an maoiniúchán le haghaidh oibreacha leasúcháin piríte ó chaiteachas Státchiste atá leithdháilte ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Faomhann an PRB próifílí caiteachais arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Tithíochta i ndáil le costais, gealltanais agus caiteachas. Coimeádtar an caiteachas laistigh de na teorainneacha atá leagtha amach agus de cheaduithe na Roinne. Cloíonn an PRB agus an Gníomhaireacht Tithíochta le gnéithe iomchuí maidir leis an gCód Caiteachais Phoiblí.

Clúdaítear ceanglais tuairiscithe airgeadais an Bhoird um Réiteach Piríte faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 i dTuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta Tithíochta.

Fógraíodh suim €32 milliún faoi Bhuiséad 2019 chun scéim um leasúchán piríte a chur i bhfeidhm i mbliana. Ón tsuim seo tarraingíodh €30,000,000 anuas.
B'ionann an caiteachas iomlán ar an gclár um leasúchán piríte agus €31,372,385 in 2019. Áiríodh figiúr €669,072 maidir le Pá & Costais Riaracháin air seo, arna maoiniú faoi leithroinnt na Gníomhaireachta Tithíochta.

Is féidir an caiteachas a mhiondealú mar seo a leanas:

Pá & Costais Riaracháin*	€669,072
Bainisteoirí Dearthóireachta Foirgníochta	€1,520,078
Conraitheoirí Oibre	€26,252,739
Íocaíochtaí le hÚinéirí Tí	€2,848,765
Costais Dlí agus Ghairmiúla	€56,322
Costais Riaracháin Eile	€25,409
Caiteachas Iomlán	**€31,372,385**

* Arna maoiniú faoi leithroinnt na Gníomhaireachta Tithíochta.

Níl an Ghníomhaireacht Tithíochta i dteideal CBL a aisghabháil agus, ar an ábhar sin, tá CBL san áireamh sna méideanna thuas ar fad.

Pá & Costais Riaracháin

Is ionann iad seo agus tuarastail na foirne agus costais eile, mar aon le costais Chomhaltaí an Bhoird um Réiteach Piríte. Faigheann an Ghníomhaireacht Tithíochta maoiniú ar leith ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil chun caiteachas a thabhaíonn sí go sonrach don Scéim um Leasúchán Piríte a chlúdach.

Íocaíochtaí le hÚinéirí Tí

Bíonn Úinéirí Tí ar glacadh iad sa scéim i dteideal
(1) uasmhéid €500 a aisghabháil i dtosach i ndáil le Measúnacht ar Bhail Foirgnimh.
(2) aisíocaíochtaí ar lóistín deimhnithe eile faoi réir uasteorainn €4,500 (CBL san áireamh) in aghaidh na teaghaise. Tabhair ar aird gur leasaíodh an Scéim um Leasúchán Piríte ón 25 Iúil 2019. Roimh an dáta sin, bhí úinéirí tí i dteideal aisíocaíochtaí ar lóistín deimhnithe eile faoi réir uasteorainn €3,000 (CBL san áireamh) in aghaidh na teaghaise.
(3) aisíocaíochtaí ar chostais dheimhnithe a bhaineann le troscán agus inneachar tí a bhaint, a stóráil agus a chur ar ais, faoi réir uasteorainn €2,500 (CBL san áireamh) in aghaidh na teaghaise.

Ranníocaíochtaí

Bhí frithláireamh áirithe ann i gcoinne an chaiteachais phoiblí arna thabhú mar thoradh ar na ranníocaíochtaí a daingníodh de réir an Achta um Réiteach Piríte 2013. Íocadh an t-airgead sin leis an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

Ranníocaíochtaí Alt 12

De réir Alt 12 den Acht um Réiteach Piríte 2013, féachann an PRB na costais ar fad a bhaineann le leasúchán a dhéanamh ar theaghais, nó cuid de na costais sin, a aisghabháil ó aon pháirtí ar a bhfuil dliteanas. Fuair an PRB íocaíocht (€2,000) amháin faoi Alt 12 den Acht in 2019.

Ranníocaíochtaí Alt 20

De réir Alt 20 den Acht um Réiteach Piríte 2013, sa chás ina bhfuil teaghais san áireamh sa Scéim ach nár cuireadh tús leis an obair agus ina bhfaigheann an rannpháirtí scéime íocaíocht nach bhfuil faoin Scéim, mar choinníoll de bheith san áireamh go leanúnach sa Scéim, éilítear ar an rannpháirtí Scéime an méid a fuarthas a íoc leis an PRB laistigh de thréimhse ama shonraithe. Ní bhfuair an PRB ranníocaíochtaí faoi Alt 20 den Acht in 2019.

Gealltanais Chonarthacha ag Deireadh na Bliana

Is iad seo a leanas na gealltanais chonarthacha amhail 31 Nollaig 2019:

Bainisteoirí Tionscadail na Tógála	€6,532,291
Conraitheoirí Oibre	€108,141,714

Cuireann an Ghníomhaireacht Tithíochta buiséid faoi chomhair a caiteachais faoin Acht seo faoi bhráid an Bhoird lena gceadú. Féadfaidh an Bord an buiséad sin a cheadú gan mhodhnú nó an buiséad a cheadú le haon mhodhnuithe is cuí leis a dhéanamh. Ní ceadmhach imeacht ón mbuiséad arna cheadú ag an mBord faoin alt seo ach amháin le ceadú roimh ré ón mBord. Tuairiscíonn an Ghníomhaireacht Tithíochta don PRB ar bhonn rialta maidir le caiteachas iarbhír agus geallta.

Cheadaigh an Bord an tuarascáil seo agus shínigh na daoine seo a leanas í thar ceann an Bhoird:



Aidan O'Connor
Bainisteoir Ginearálta
20 Bealtaine 2020

Jack Keyes
Cathaoirleach
20 Bealtaine 2020

Aguisín A - Iarratais a Cuireadh Isteach in 2019 de réir an Chontae / Limistéir

Údarás Áitiúil	Iarratais
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	5
Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	5
Comhairle Contae Fhine Gall	190
Comhairle Contae Chill Dara	17
Comhairle Contae na Mí	108
Comhairle Contae Uíbh Fhailí	1
Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	10
Móriomlán	**336**

Contae/Limistéar	Iarratais
Baile Átha Cliath	**168**
Baile Brigín	54
An Charraig Dhubh	1
Na Sceirí	1
Domhnach Bat	2
Mullach Íde	1
Leamhcán	9
Lusca	52
An Ros	34
Sord	14
Baile Átha Cliath 1	**1**
Glas Naíon	1
Baile Átha Cliath 8	**1**
Cé na gCeannaithe	1
Baile Átha Cliath 9	**1**
Droim Conrach	1
Baile Átha Cliath 11	**6**
Baile Maidheac	6
Baile Átha Cliath 13	**2**
Baile Ghrífín	2
Baile Átha Cliath 15	**24**
Baile an Ásaigh	1
Baile Bhlainséir	1
Caisleán Cnucha	1
Cluain Saileach	2
Mullach Eadrad	19
Baile Átha Cliath 16	**5**
Baile an tSaoir	5
Cill Dara	**17**
Cill Choca	2
Léim an Bhradáin	14
Maigh Nuad	1
An Mhí	**110**

Cill Dhéagláin	43
Dún Búinne	53
Dún Seachlainn	3
An Bóthar Buí	8
An Uaimh	1
Ráth Mhaoláin	1
Cnoc an tSamhraidh	1
Uíbh Fhailí	**1**
Éadan Doire	1
Móriomlán	**336**

Aguisín B - Iarratais a Cuireadh Isteach ón Dáta Seolta go dtí Deireadh na Bliana

Údarás Áitiúil	Iarratais
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	35
Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	31
Comhairle Contae Fhine Gall	1733
Comhairle Contae Chill Dara	62
Comhairle Contae na Mí	667
Comhairle Contae Uíbh Fhailí	29
Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	35
Móriomlán	**2592**

Céim	Iarratais
1. Iarratas & Bailíochtú	191
2. Measúnú/Fíorú ar Dhamáiste	110
3. Pleanáil/Sceidealú & Ullmhú RWP	133
4. Tairiscintí & Anailís ar Thairiscintí	13
5. Cinneadh Conradh a Dhéanamh	0
6. Leasúchán na Teaghaise	74
7. Tréimhse Coinneála - 12 Mí	639
8. Iarratas Dúnta	1432
Móriomlán	**2592**

Contae/Limistéar	Iarratais
Baile Átha Cliath	**1482**
Baile Brigín	445
Baile Bachaille	5
An Charraig Dhubh	1
Baile Bhlainséir	1
Domhnach Bat	77
Baile Gháire	1
Gleann na gCaorach	2
Cionn Sáile	17
Leamhcán	21
Lusca	580
Mullach Íde	5
An Aill	1
An Caisleán Nua	13
An Seanbhaile	1
Port Mearnóg	2
An Ros	271
Na Sceirí	3
Cill Fhionntain	1
Sord	35
Baile Átha Cliath 1	**1**
Glas Naíon	1
Baile Átha Cliath 11	**14**
An Cheapach	1
Fionnghlas	2
Baile Maidheac	11
Baile Átha Cliath 13	**6**
Baile Ghrífín	5
Cill Bharróg	1
Baile Átha Cliath 14	**1**
Baile an Teampaill	1
Baile Átha Cliath 15	**239**
Baile an Ásaigh	9
Baile Bhlainséir	24
Caisleán Cnucha	33
Cluain Saileach	9
Baile an Alabhóidigh	4
Mullach Eadrad	158
Ongar	2

Baile Átha Cliath 16	**28**
Baile an tSaoir	28
Baile Átha Cliath 5	**3**
Baile Hearmann	1
Ráth Eanaigh	2
Baile Átha Cliath 6	**1**
Cros Araild	1
Baile Átha Cliath 8	**9**
Sráid Heytesbury	7
An Com	2
Baile Átha Cliath 9	**48**
Baile Munna	1
Droim Conrach	1
Glas Naíon	1
Seantrabh	45
Cill Dara	**62**
Domhnach Dheá	1
An Bóthar Buí	2
Cill Choca	9
Léim an Bhradáin	34
Maigh Nuad	16
An Mhí	**669**
Cill Dhéagláin	388
Baile Íomhair	1
Cluain Ailbhe	1
Droim Rí	1
Dún Búinne	131
Dún Seachlainn	29
An Bóthar Buí	84
Cill Bhríde	1
Cill Mheasáin	3
Cionn Átha Gad	1
An Uaimh	8
Ráth Moliain	5
Ráth Tó	4
Baile Roibín	1
Cnoc an tSamhraidh	9
An Barda	1
Baile Átha Troim	1
Uíbh Fhailí	**29**
Éadan Doire	29
Móriomlán	**2592**